COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Mar aon le Parlaimint na hEorpa, is í an Chomhairle an institiúid a ghlacann reachtaíocht AE trí rialacháin agus treoracha agus ullmhaíonn sí cinntí agus moltaí neamhcheangailteacha. Maidir leis na réimsí inniúlachta atá aici, glacann sí a cinntí trí thromlach simplí, trí thromlach cáilithe nó ar bhonn aontoilíochta, ag brath ar bhunús dlí an ghnímh a éilíonn formheas ón gComhairle.

AN BUNÚS DLÍ

I gcreat institiúideach aonair an Aontais Eorpaigh, feidhmíonn an Chomhairle na cumhachtaí a thugtar di i gcomhréir le hAirteagal 16 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagail 237 go dtí 243 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

RÓL

A. Reachtaíocht

Ar bhonn moltaí arna gcur faoina bráid ag an gCoimisiún, glacann an Chomhairle reachtaíocht AE i bhfoirm rialachán agus treoracha, i gcomhpháirt leis an bParlaimint i gcomhréir le hAirteagal 294 CFAE (an gnáthnós imeachta reachtach) nó aisti féin, tar éis di dul i gcomhairle leis an bParlaimint (1.2.3). Glacann an Chomhairle cinntí aonair agus moltaí neamhcheangailteacha chomh maith (Airteagal 288 CFAE) agus eisíonn sí rúin. Bunaíonn an Chomhairle agus an Pharlaimint na rialacha ginearálta a rialaíonn feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún nó atá forchoimeádta don Chomhairle féin (Airteagal 291(3) CFAE).

B. Buiséad

Tá an Chomhairle ar cheann de dhá bhrainse an údaráis bhuiséadaigh, arb í an Pharlaimint an ceann eile, a ghlacann buiséad an Aontais Eorpaigh (1.2.5). Chomh maith leis sin, glacann an Chomhairle, de bhun nós imeachta reachtach speisialta agus í ag feidhmiú d'aon toil, cinntí lena leagtar síos na forálacha a bhaineann le córas acmhainní dílse AE agus leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (Airteagail 311 agus 312 CFAE). Sa chás sin, ní mór don Pharlaimint a toiliú a thabhairt trí thromlach dá Feisirí. Ghlac an Pharlaimint an Creat Airgeadais Ilbhliantúil is deanaí (2014-2020) i mí na Samhna 2013. Roinneann an Chomhairle Roinn II de bhuiséad an Aontais Eorpaigh leis an gComhairle Eorpach (Airteagal 43(b) den Rialachán Airgeadais), cé gur dhá institiúid ar leith iad.

C. Cumhachtaí eile

1. Comhaontuithe idirnáisiúnta

Tugann an Chomhairle comhaontuithe idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh i gcrích, arb é an Coimisiún a chaibidlíonn iad agus a bhfuil gá le haontú na Parlaiminte ina leith sa chuid is mó de na cásanna (Airteagal 218(6) CFAE).

2. Ceapacháin

Is í an Chomhairle, agus í ag gníomhú trí thromlach cáilithe (ó Chonradh Nice i leith), a cheapann comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta agus Choiste na Réigiún.

3. Beartas eacnamaíoch

Déanann an Chomhairle comhordú ar bheartais eacnamaíocha na mBallstát (Airteagal 121 CFAE) agus, gan dochar do chumhachtaí an Bhainc Ceannais Eorpaigh, glacann sí cinntí polaitiúla sa réimse airgeadaíochta. Tá rialacha speisialta i bhfeidhm do chomhaltaí an Ghrúpa Euro, a thoghann uachtarán ar feadh téarma dhá bhliain go leith (Airteagail 136 agus 137 CFAE). Is iondúil go mbíonn cruinniú ag airí airgeadais an Ghrúpa Euro lá amháin roimh chruinniú na Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais.

Comhlíonann an Chomhairle roinnt feidhmeanna rialachais eacnamaíoch i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. San fhómhar, ag tús an timthrialla, déanann sí breithniú ar na moltaí sonracha don limistéar euro ar bhonn an tsuirbhé bhliantúil fáis; agus ansin i mí an Mheithimh agus i mí Iúil glacann sí na moltaí tír-shonracha tar éis dóibh a bheith formhuinithe ag an gComhairle Eorpach.

Leasaíodh Airteagal 136 CFAE le Cinneadh 2011/199/AE ón gComhairle Eorpach agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2013, tar éis do gach Ballstát é a dhaingniú. Tugann sé an bunús dlí anois do shásraí cobhsaíochta amhail an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (2.6.8).

4. Comhbheartas eachtrach agus slándála (5.1.1) agus (5.1.2)

Thug Conradh Liospóin pearsantacht dhlítheanach don Aontas Eorpach, a tháinig in ionad an Chomhphobail Eorpaigh. Chuir an Conradh nua deireadh leis an struchtúr trí cholún. Rinneadh réimse beartais lán-chomhtháite de chuid an Aontais de cheartas agus gnóthaí baile, ina bhfuil feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach beagnach i gcónaí. Gníomhaíonn an Chomhairle fós faoi rialacha speisialta, áfach, i réimse an bheartais eachtraigh agus slándála nuair a ghlacann sí comhsheasaimh agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha nó nuair atá coinbhinsiúin á ndréachtú aici.

Cuireadh córas nua in áit sheanshocrú an troika: faoi bhuanchathaoirleacht Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, comhoibríonn an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha go dlúth anois leis an gCoimisiún. Tugann Ard-Rúnaíocht na Comhairle agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cúnamh di.

EAGAR

A. Ballraíocht

1. Comhaltaí

Tá an Chomhairle comhdhéanta d'ionadaí do gach Ballstát ar leibhéal aireachta 'a fhéadfaidh gealltanas a thabhairt thar ceann rialtas an Bhallstáit i dtrácht' (Airteagal 16(2) CAE).

2. An Uachtaránacht

Ach amháin i gcás na Comhairle Gnóthaí Eachtracha, is é ionadaí an Bhallstáit a bhfuil uachtaránacht an Aontais Eorpaigh aige a bhíonn ina chathaoirleach ar an gComhairle: tagann athrú air sin gach sé mhí, san ord a chinneann an Chomhairle agus í ag gníomhú d'aontoil (Airteagal 16(9) CAE). Bíonn uachtaránacht gach foirmíochta den Chomhairle, seachas i réimse na ngnóthaí eachtracha, ag grúpaí réamhbhunaithe a bhfuil trí Bhallstát iontu, ar feadh tréimhsí 18 mí, agus bíonn gach comhalta díobh sin ina chathaoirleach ar an gComhairle ar feadh sé mhí.

Seo a leanas ord na n-uachtaránachtaí do na cúig bliana amach romhainn: an Chróit agus an Ghearmáin in 2020, an Phortaingéil agus an tSlóivéin in 2021, an Fhrainc agus Poblacht na Seice in 2022, an tSualainn agus an Spáinn in 2023 agus an Bheilg agus an Ungáir in 2024. Féadfaidh an Chomhairle Eorpach an t-ord a athrú (Airteagal 236(b) CFAE).

3. Comhlachtaí ullmhúcháin

Ullmhaíonn coiste atá comhdhéanta de bhuanionadaithe na mBallstát obair na Comhairle agus cuireann sé i gcrích na cúraimí a chuireann an Chomhairle air (Airteagal 240 CFAE). Is é ionadaí an Bhallstáit a bhfuil cathaoirleacht na Comhairle Gnóthaí Ginearálta aige, i.e. an uachtaránacht rothlach, a dhéanann cathaoirleacht ar an gcoiste sin, a dtugtar Coreper air. Ionadaí d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála a dhéanann cathaoirleacht, áfach, ar an gCoiste Polaitiúil agus Slándála, ar coiste é a dhéanann faireachán ar an staid idirnáisiúnta i réimsí atá cumhdaithe ag an gcomhbheartas eachtrach agus slándála.

Tagann Coreper le chéile gach seachtain chun obair na Comhairle a ullmhú agus chun comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le comhchinnteoireacht le Parlaimint na hEorpa. Tá sé roinnte ina dhá ghrúpa: ullmhaíonn Coreper I, atá comhdhéanta de na Leas-Bhuanionadaithe, obair sna réimsí níos teicniúla, lena n-áirítear talmhaíocht, fostaíocht, oideachas agus an comhshaol; tugann Coreper II aghaidh ar nithe a luaitear níos mó le réimse na 'hardpholaitíochta', go háirithe gnóthaí eachtracha, eacnamaíocha agus airgeadaíochta agus gnóthaí ceartais agus baile. Tugann deich gcoiste agus thart ar chéad meitheal speisialaithe cúnamh do Coreper lena obair ullmhúcháin.

B. Feidhmiú

Glacann an Chomhairle a cinntí trí thromlach simplí, trí thromlach cáilithe nó ar bhonn aontoilíochta, ag brath ar an réimse atá i gceist (1.2.3. agus 1.2.4). Suíonn an Chomhairle i seisiún poiblí nuair atá sí ag feidhmiú ina cáil reachtach (Airteagal

16(8) CAE). Is í an Chomhairle a cheapann Ardrúnaí na Comhairle de bhun Airteagal 240 CFAE. Reáchtáiltear cruinnithe na Comhairle sa Bhruiséil, agus i Lucsamburg freisin (seisiúin in Aibreán, Meitheamh agus Deireadh Fómhair). Tá 10 bhfoirmíocht de chuid na Comhairle faoi láthair ann, a mbíonn cruinnithe rialta ag trí cinn acu (Gnóthaí Ginearálta, Gnóthaí Eachtracha, agus Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais (Ecofin)).

1. Tromlach simplí

Ciallaíonn sé seo go meastar cinneadh a bheith déanta nuair a chaitear níos mó vótaí ina fhabhar ná ina aghaidh. Tá vóta amháin ag gach comhalta den Chomhairle. Dá bhrí sin, bíonn tromlach simplí ann má chaitheann 14 chomhalta de chuid na Comhairle vóta i bhfabhar an rúin. Tá feidhm ag riail an tromlaigh shimplí nuair nach bhforáiltear a mhalairt leis an gConradh (Airteagal 238(1) CFAE). Mar sin, is é an próiseas cinnteoireachta réamhshocraithe é. Is amhlaidh nach mbíonn feidhm aige sin ach ar líon beag cinntí, áfach: rialacha inmheánacha na Comhairle, eagrú Ardrúnaíochta na Comhairle, agus rialacha a rialaíonn coistí a bhfuil foráil déanta dóibh sa Chonradh.

2. Tromlach cáilithe

a. Sásra

Tá riail na Comhairle maidir le tromlach cáilithe le fáil i gConradh Liospóin, in Airteagal 16 (4, an chéad mhír) CAE. Faoin airteagal sin, tá vóta fabhrach de dhíth ó 55% ar a laghad de chomhaltaí na Comhairle, a dhéanann ionadaíocht ar 65% de dhaonra an Aontais ar a laghad. I gcleachtadh, ciallaíonn sé sin 15 Bhallstát as 27 ar a laghad. I gcásanna nach dtagann an togra ón gCoimisiún nó ón Ard-Ionadaí, bíonn feidhm ag an riail maidir le tromlach cáilithe treisithe, faoinarb ionann agus 72% an céatadán is gá de chomhaltaí na Comhairle a vótálann i bhfabhar an rúin (a dhéanann suas 20 Ballstát as 27 ar a laghad), a dhéanann ionadaíocht, arís, ar 65% de dhaonra an Aontais ar a laghad.

b. Raon feidhme

Le Conradh Liospóin, leathnaíodh raon feidhme na cinnteoireachta arís trí vótáil trí thromlach cáilithe. Thug sé vótáil trí thromlach cáilithe isteach nó leathnaigh sé í do 68 mbunús dlí, ar bhain an chuid is mó acu le tabhairt isteach an ghnáthnós imeachta reachtaigh (lena n-áirítear go leor réimsí ón tríú colún, mar a bhí). Baineann vótáil trí thromlach cáilithe chomh maith le ceapadh an Uachtaráin agus Chomhaltaí an Choimisiúin agus chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún (1.2.3 agus 1.2.4).

3. Aontoilíocht

Ní éilítear aontoilíocht faoin gConradh ach le cinntí i roinnt réimsí, atá ar na réimsí is tábhachtaí (cánachas, beartas sóisialta, etc.), áfach. Coinníodh é seo le Conradh Liospóin. Foráiltear clásal “passerelle” áfach, le hAirteagal 48(7) CAE lena gcuirtear ar chumas na Comhairle cinntí a ghlacadh ar ábhair faoi leith trí thromlach cáilithe seachas trí aontoilíocht. Anuas air sin, i gcás beartais áirithe, féadfaidh an Chomhairle an cinneadh a dhéanamh (d’aon toil) chun úsáid na vótála trí thromlach cáilithe a leathnú (e.g. Airteagal 81(3) CFAE maidir le dlí an teaghlaigh a bhfuil impleachtaí trasteorann aige).

Bíonn an claonadh ag an gComhairle de ghnáth d'aontoilíocht a lorg fiú nuair nach bhfuil sé de cheangal uirthi é sin a dhéanamh. D'eascair an rogha seo as Comhréiteach Lucsamburg in 1966 a chuir clabhsúr le haighneas idir an Fhrainc agus na Ballstáit eile, aighneas ina raibh an Fhrainc ag diúltú bogadh ón aontoilíocht go vótáil trí thromlach cáilithe i réimsí áirithe. Seo a leanas téacs an chomhréitigh: 'Más rud é, i gcás cinntí a fhéadfar a dhéanamh trí vóta tromlaigh ar thogra ón gCoimisiún, go bhfuil leasanna an-tábhachtacha comhpháirtí amháin nó níos mó i gceist, déanfaidh Comhaltaí na Comhairle a ndícheall teacht ar réitigh laistigh de thréimhse ama réasúnta a fhéadfaidh gach Comhalta den Chomhairle a ghlacadh, agus urraim á léiriú dá leasanna frithpháirteacha agus do leasanna an Chomhphobail'.

Thángthas ar réiteach den chineál céanna in 1994 nuair a aontaíodh Comhréiteach Ioannina chun cosaint a thabhairt do Bhallstáit a bhí gar do bheith ina mionlach blocála. Faoin socrú seo, dá gcuirfeadh na tíortha a bhí i gceist in iúl go raibh sé ar intinn acu cur in aghaidh cinneadh a dhéanamh sa Chomhairle trí thromlach cáilithe, dhéanfadh an Chomhairle gach rud a bhí ar a cumas chun réiteach a bhaint amach a bheadh inghlactha do thromlach mór de na Ballstáit laistigh de thréimhse réasúnta ama.

Ba chéim sa treo céanna í an fhéidearthacht go bhfhéadfaí tabhairt isteach an chórais nua de thromlach dúbailte a chur siar ó 2014 go dtí an 31 Márta 2017. Dá réir sin, d'fheadfaí, arna iarraidh sin ag Ballstát, an tseanriail de thromlach cáilithe a leagtar amach i gConradh Nice a chur i bhfeidhm (1.2.3).

Eeva Pavy
02/2020